Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7478/22**
**ADD 1**

**ENER 99**
**ENV 265**
**COMPET 176**
**TRANS 171**
**CONSOM 69**
**IND 86**
**ECOFIN 254**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 138 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Slándáil an tsoláthair agus praghsanna fuinnimh inacmhainne: Roghanna maidir le bearta láithreacha agus ullmhúchán a dhéanamh don gheimhreadh seo chugainn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 138 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2022) 138 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.3.2022
COM(2022) 138 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINNÍ**

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN gCOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Slándáil an tsoláthair agus praghsanna fuinnimh inacmhainne:
Roghanna maidir le bearta láithreacha agus ullmhúchán a dhéanamh don gheimhreadh seo chugainn**

# IARSCRÍBHINN

## Forléargas ar na roghanna

Tá roinnt roghanna maidir le bearta éigeandála chun tionchar praghsanna arda leictreachais a theorannú curtha chun cinn ag na Ballstáit, ag páirtithe leasmhara agus mar chuid den díospóireacht acadúil. Is é is aidhm dóibh faoiseamh a thabhairt do thomhaltóirí deiridh, gan an Comhaontú Glas uileghabhálach san fhadtéarma a shaobhadh, lena n-áirítear cuspóirí dícharbónaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh. Chun go n-éireoidh leo, ní mór na roghanna eisceachtúla sealadacha agus spriocdhírithe sin a bheith inláimhsithe ó thaobh buiséid de agus níor cheart dóibh dochar a dhéanamh do chinnteacht an tsoláthair ná do chothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach. Braitheann méid na buntáistí agus na míbhuntáistí a ndéantar cur síos orthu sna roghanna ar ghnéithe deartha na roghanna sin. **I – Idirghabhálacha sa Mhargadh Leictreachais lena mbaineann cúiteamh airgeadais do thomhaltóirí**

### A. Idirghabhálacha ar an leibhéal miondíola: tacaíocht dhíreach do thomhaltóirí trí dhearbháin, lacáistí cánach nó trí "shamhail an chomhbhailitheora"

I dTeachtaireacht REPowerEU, fógraítear Creat Géarchéime Sealadaí nua um Státchabhair. Cumasófar leis an gCreat sin deontais theoranta dhíreacha agus tacaíocht leachtachta do gach gnóthas a bhfuil tionchar díreach nó indíreach ag ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine air, mar aon le smachtbhannaí arna bhforchur nó na frithbhearta díoltais, chomh maith le cabhair do ghnóthais, go háirithe tomhaltóirí dianfhuinnimh, chun cuid dá gcostais fuinnimh a chúiteamh. Soiléirítear sa Teachtaireacht freisin gur féidir leis na Ballstáit, faoi na cúinsí reatha, rialáil a dhéanamh ar phraghsanna miondíola do gach teaghlach agus do gach micrifhiontar.

Bealach eile chun tomhaltóirí teaghlaigh a chosaint, go háirithe daoine bochta agus daoine leochaileacha (ach cuideachtaí freisin) is ea go mbainfeadh na Ballstáit úsáid as 'samhail chomhbhailitheora', faoina gceannódh eintiteas atá faoi rialú an Stáit leictreachas ar an margadh agus faoina gcuirfeadh sé ar fáil é do chatagóirí áirithe tomhaltóirí – go díreach nó trí sholáthróirí – ar phraghsanna atá faoi bhun phraghsanna reatha an mhargaidh bunaithe ar phraghas ceangail mar shampla. Ba cheart measúnú cúramach a dhéanamh ar aon leathnú a dhéanfar ar an gcur chuige sin thar mar a fhoráiltear faoi Airteagal 5 atá ann cheana den Treoir maidir le Leictreachas agus faoi na rialacha maidir le státchabhair d'fhonn saobhadh sa Mhargadh Aonair a sheachaint.

**D'fhéadfaí an chuid is mó díobh sin a dhéanamh ar bhonn náisiúnta.**

### Buntáistí

Ós rud é go ndíríonn na roghanna sin go díreach ar thomhaltóirí, tá siad thar a bheith éifeachtach maidir le maolú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda ar úsáideoirí deiridh. Fágann siad solúbthacht ag na Ballstáit maidir leis na catagóirí tomhaltóirí teaghlaigh agus gnó a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh, agus imthosca náisiúnta agus rialacha iomaíochta á gcur san áireamh. Na Ballstáit ar mian leo samhail chomhbhailitheora a chur ar bun, bheadh orthu na gnéithe deartha a chinneadh, lena n-áirítear na méideanna a dhíolfaí agus na catagóirí/soláthraithe sonracha tomhaltóirí a bhainfeadh tairbhe as an rogha sin. D'fhéadfadh an Coimisiún Treoir a sholáthar maidir

le conas samhail den sórt sin a chur chun feidhme d'fhonn cothrom iomaíochta agus iomaíocht chóir sa Mhargadh Aonair a áirithiú.

**Míbhuntáistí**

D'fhéadfadh an rogha seo teorainn a chur leis an iomaíocht sna margaí miondíola, rud a chaithfí a mhaolú trína áirithiú go gcaithfear go cothrom agus go neamh-idirdhealaitheach le gach soláthraí. Léiríonn an treoir maidir le praghsanna rialáilte atá i gceangal leis an teachtaireacht ó REPowerEU an chaoi a bhféadfaí é sin a bhaint amach do shamhail an chomhbhailitheora.

Dá bhfaigheadh cuid mhór de na tomhaltóirí tacaíocht chun an méadú iomlán ar an bpraghas a chúiteamh, bheadh na dreasachtaí chun a dtomhaltas a laghdú níos teoranta. Dála na roghanna uile a laghdaíonn costais do thomhaltóirí, d'fhéadfadh sí úsáid breoslaí iontaise a mhéadú, spleáchas an Aontais ar allmhairí a mhéadú agus ábhair imní faoi shlándáil an tsoláthair a mhéadú. Braitheann infhaighteacht na rogha seo ar acmhainní buiséadacha na mBallstát.

**Costais**

Bheadh na costais agus an tslí a gcumhdaítear iad ag brath ar roghanna náisiúnta maidir le cumhdach catagóirí áirithe tomhaltóirí agus maidir leis an méid a laghdaítear an t-ualach airgeadais ar thomhaltóirí. Treoróidh spás fioscach na mBallstát na roghanna sin freisin.

**II – Idirghabháil sa mhargadh leictreachais ar leibhéal mórdhíola: socrú praghsanna mar aon le cúiteamh airgeadais do tháirgeoirí**

**B. Idirghabháil Mhórdhíola maidir leis an bPraghas Breosla le haghaidh Gineadóirí Iontaise**

Is éard a bheadh i gceist leis an rogha seo cúiteamh a thabhairt isteach ar an bpraghas a íocann gineadóirí leictreachais iontaise as a mbreosla (gual, gás, ola, díosal). Ós rud é go gcosnódh sé sin gineadóirí breosla iontaise ón éifeacht a bheadh ag na méaduithe gan smacht atá ann faoi láthair ar phraghsanna ar mhargaí idirnáisiúnta tráchtearraí, d'fhágfadh sé go mbeidís in ann a gcuid leictreachais a thairiscint ar phraghas níos ísle ná an praghas atá ann faoi láthair. Chuirfí an rogha seo i bhfeidhm tríd an difríocht idir a gcostais iarbhír maidir le breosla a fhoinsiú (gás, gual) agus praghas tagartha réamhbhunaithe do na tráchtearraí sin a íoc le gineadóirí leictreachais.

**Buntáistí**

Táthar ag súil go mbeidh tionchar ag an rogha seo ar iompar tairisceana gléasraí cumhachta iontaise san Aontas agus is dócha go spreagfaidh sí laghdú ar chostas an leictreachais arna dhíol ag na gléasraí sin agus, dá bhrí sin, ar an bpraghas imeallach sa mhargadh mórdhíola. Ba cheart go mbeadh na praghsanna miondíola níos ísle mar thoradh air sin.

Ag brath ar na gnéithe deartha, ní dhéanfadh sé difear d'ord fiúntais na ngléasraí cumhachta giniúna agus, dá bhrí sin, ní chuirfeadh sé isteach ar fheidhmiú an mhargaidh.

**Míbhuntáistí**

Dá dtabharfaí isteach ar an leibhéal náisiúnta é, d'fhéadfadh sé an sreabhadh leictreachais i dtíortha comharsanachta (AE agus neamh-AE) a shaobhadh agus sreafaí a spreagadh ó thíortha ina mbeadh an praghas tagartha go dtí na tíortha sin gan aird a thabhairt ar theirce, ar chinnteacht an tsoláthair ná ar chostais choibhneasta.

Amhail na roghanna go léir a bhfuil tionchar acu ar iomaíochas coibhneasta praghsanna breoslaí iontaise, d'fhéadfadh an rogha seo bac a chur ar iarrachtaí chun úsáid breoslaí iontaise a laghdú.

**Costais**

Bheadh na costais agus an tslí a gcumhdaítear iad ag brath ar na roghanna a dhéanfaí. D'fhéadfaí an costas a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí ó thomhaltóirí leictreachais. Cé go bhféadfaí an costas sin a fhritháireamh, i bprionsabal, tríd an laghdú ar phraghsanna mórdhíola leictreachais a thagann as an mbeart, beidh an tionchar glan ar thomhaltóirí ag brath ar athruithe i bpraghsanna breoslaí iontaise, ar chainníochtaí na mbreoslaí iontaise a allmhairítear agus ar na méideanna leictreachais a onnmhairítear chuig tíortha comharsanachta. Dá dtabharfaí isteach bearta den sórt sin, laghdófaí an t-ioncam ó chánachas iomarcach i ndáil le brabús.

## C. Idirghabháil mhórdhíola a thugann isteach Caidhp Praghsanna ar an Margadh Leictreachais Mórdhíola

Bheadh uasteorannú ar phraghsanna leictreachais ar leibhéal réamhshainithe i gceist leis an rogha seo.

Chun gineadóirí a choinneáil ag feidhmiú, ar gineadóirí iad a úsáideann breoslaí a bhfuil costais ag baint leo faoi láthair a choisceann giniúint bhrabúsach ag an uasteorainn (e.g. gás, gual), bheadh cúiteamh airgeadais ag teastáil chun an difríocht idir praghas an mhargaidh don leictreachas arna ghiniúint agus an uasteorainn réamhbhunaithe a chumhdach. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le rialáil láidir chun a áirithiú go mbeidh tairiscintí giniúna leictreachais os cionn na huasteorann (lenar socraíodh an teidlíocht i leith cúitimh airgeadais) 'réasúnta'. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí rialáil a bheith de dhíth chun a áirithiú nach ndéanfaidh gineadóirí a bhfuil a gcostais faoi bhun na huasteorann tairiscint os cionn na huasteorann (chun praghas níos airde a bhaint amach). D'fhéadfadh sé sin dlúth-rialáil ar thairiscintí a éileamh, rud a d'fhéadfadh castacht a chruthú.

**Buntáistí**

Chuirfeadh an rogha seo teorainn leis na praghsanna mórdhíola, rud is ceart a fhágáil go mbeadh na praghsanna miondíola níos ísle. Mar thoradh air sin, laghdófaí cíosanna infrimeallacha do ghineadóirí nach mbeadh tionchar díreach ag an uasteorainn orthu.

**Míbhuntáistí**

Éilíonn an rogha seo eolas mionsonraithe ar riar struchtúr costais agus ar mhodhanna oibriúcháin gléasraí cumhachta aonair.

Maidir le Rogha B, **mura dtabharfaí isteach í ar leibhéal an Aontais**, d'fhéadfadh an rogha seo an sreabhadh leictreachais sa mhargadh inmheánach a shaobhadh agus sreafaí a spreagadh ó thíortha a mbeadh uasteorainn i bhfeidhm acu chucu siúd nach mbeadh, gan aird a thabhairt ar an nganntanas.

Maidir le rogha B, rachadh an rogha seo chun tairbhe go míchuí do chomharsana an Aontais, a gheobhadh leictreachas arna fhóirdheonú ag na Ballstáit.

Ar deireadh, d'fhéadfadh an rogha seo an sreabhadh leictreachais sa mhargadh inmheánach a shaobhadh de dheasca easpa comhartha praghais agus d'fhéadfadh rioscaí cinnteachta soláthair a bheith mar thoradh air.

Dála na roghanna uile a laghdaíonn costais do thomhaltóirí, d'fhéadfadh sí úsáid breoslaí iontaise a mhéadú, spleáchas an Aontais ar allmhairí a mhéadú agus ábhair imní faoi shlándáil an tsoláthair a mhéadú.

**Costais**

Bheadh gá le cistiú chun an difríocht idir praghas an mhargaidh agus an uasteorainn praghsanna a chúiteamh. Bheadh sé níos deacra na costais sin a choinneáil ar bun do na Ballstáit sin a bhfuil spás fioscach níos teoranta acu.

Le himeacht ama, d'fhéadfadh rioscaí cinnteachta soláthair a bheith ann a bheadh nasctha le heaspa comhartha difreáilte praghais i margadh an Aontais agus éiginnteacht rialála ina dhiaidh sin. Ar an gcaoi chéanna, díspreagfaí tionscadail fuinnimh inathnuaite neamh-fhóirdheonaithe toisc go mbeadh ioncam margaidh níos ísle (mar go mbeadh dreasachtaí laghdaithe ag tomhaltóirí chun conarthaí fadtéarmacha ceannaigh cumhachta a shíniú le fuinneamh in-athnuaite toisc go laghdaíonn an uasteorainn ar phraghsanna an gá le praghsanna arda a fhálú).

## D. Idirghabháil rialála i margadh an leictreachais: srian a chur ar thuairisceáin de chuid gníomhaithe margaidh áirithe

I margaí mórdhíola leictreachais, is é an fhoinse dheireanach atá ag teastáil chun freastal ar gach éileamh a leagann síos an praghas. Faoi láthair, tá costais an-ard le híoc ag gineadóirí leictreachais breoslaí iontaise as breoslaí iontaise chomh maith le praghsanna méadaithe chun CO2 a astú. Fágann sin go bhfuil praghsanna ísle leictreachais ard. Níl struchtúr costais den chineál céanna sa chás seo ag gineadóirí íoslódála nach mbraitheann ar bhreoslaí iontaise agus tuilleann siad tuairisceáin bhreise i bhfad níos mó ná mar a bhíonn siad ag súil leo nuair a chinneann siad infheistíocht a dhéanamh.

Leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Teachtaireacht REPowerEU gur féidir leis na Ballstáit bearta cánach a thabhairt isteach ar bhonn eisceachtúil, ar bearta iad lena ngabhfar cuid de na tuairisceáin arda sin.

Is féidir an cuspóir céanna, a shaothraítear le bearta cánachais den sórt sin, a bhaint amach trí **idirghabhálacha rialála**. Is féidir é sin a dhéanamh trí chead sealadach a thabhairt do na Ballstáit praghas ceangail nó sásra aisghlámtha a shocrú lena dteorannófar tuairiscéain iomarcacha do ghineadóirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá an praghas ceangail ábhartha a bheith éagsúil chun saintréithe rannpháirtithe éagsúla sa mhargadh a léiriú agus bheadh ar na húdaráis rialála náisiúnta é sin a shocrú. Go bunúsach, feidhmíonn an rogha seo mar **chonradh aontreo le haghaidh difríochta**, i gcás ina dtagann íocaíochtaí chun bheith dlite go dtí go bhfuil an praghas tagartha (praghas an mhargaidh) níos airde ná an praghas ceangail. Ar aon dul leis an gcáin iomarcach brabúis atá i dTeachtaireacht REPowerEU, bheadh gá le sásra ar leith chun an t-ioncam ó idirghabháil rialála den sórt sin a athdháileadh ar thomhaltóirí.

D'fhéadfadh na Ballstáit a scéimeanna tacaíochta do ghlúin nua a iompú ina g**córais conarthaí déthreo le haghaidh difríochta**. Trí iarraidh ar na gineadóirí cumhachta a dtacaíocht infheistíochta a aisíoc nuair a bhíonn praghsanna go hard, chuirfeadh an sásra seo cosc ar chás ina mbainfeadh glúin nua atá á tógáil i láthair na huaire tairbhe as fóirdheontais amach anseo i gcásanna ina mbíonn praghsanna an mhargaidh an-ard agus luaineach.

I gcás ina dtuilleann gníomhaithe sna margaí gáis nádúrtha tuairisceáin iomarcacha mar gheall ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair, e.g. toisc go bhfuil siad in ann méideanna a dhíol ar conradh fadtéarmach ar phraghsanna i bhfad níos airde ar an margadh reatha, d'fhéadfaí na torthaí a chumhdach le hidirghabhálacha cánach comhchosúla.

### Buntáistí

Má dheartar go maith í, ní chuirfidh an rogha sin isteach ar phraghasmhúnlú na margaí mórdhíola leictreachais, lena gcaomhnaítear comharthaí le haghaidh trádála laistigh agus lasmuigh den Aontas agus le haghaidh chinnteacht an tsoláthair. Ní dhéanann sé difear do thrádáil leictreachais ar fud an Aontais.

D'fhéadfadh athchóiriú ar dhearadh scéimeanna tacaíochta d'infheistíochtaí nua an bealach a réiteach d'athruithe fadtéarmacha féideartha ar dhearadh an mhargaidh.

**Míbhuntáistí**

Leis an rogha seo, ní laghdófar praghsanna do thomhaltóirí ach is féidir an t-ioncam a ghintear a úsáid chun faoiseamh díreach a thabhairt do na tomhaltóirí fuinnimh is mó atá thíos leis na praghsanna arda, mar shampla, trí dhearbháin a thabhairt do theaghlaigh, agus tacaíocht airgeadais a thabhairt do ghnólachtaí i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair agus iomaíocht.

D'fhonn a chinneadh go cruinn an ann do bhrabúis iomarcacha infrimeallacha, bheadh ar údaráis náisiúnta faisnéis mhionsonraithe a bheith acu faoi chostais gineadóirí, ar fhaisnéis í a bhféadfadh sé nach mbeadh rochtain acu uirthi. D'fhéadfadh dúshláin dhlíthiúla teacht as cur chun feidhme tapa mar go mbeidh tionchar éagsúil ar rannpháirtithe sa mhargadh.

Bheadh gá le ceisteanna iomaíochta a mheasúnú go cúramach agus a chur san áireamh tríd an treoir ón gCoimisiún maidir le praghsanna miondíola rialáilte agus bearta fioscacha ar chíosanna infrimeallacha a leanúint agus trí na rialacha maidir le státchabhair a chomhlíonadh.

Má chuirtear cánachas amhantair chun feidhme, is dócha go mbeidh tionchar aige sin ar chinnteacht infheisteoirí, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeadh gá le tacaíocht don ghiniúint leictreachais ina hiomláine amach anseo. Léireofar an riosca rialála sin i gcostais níos airde caipitil agus in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh níos ísle amach anseo.

## III- Idirghabhálacha i Margaí Gáis

### E. Teorainneacha praghsanna maidir le trádáil gáis san Aontas

Braitheann an rogha seo ar phraghas uasta a shainiú ar fud an Aontais ar ar féidir gás a thrádáil idir oibreoirí i mBallstáit uile an Aontais nó, mar mhalairt air sin, ar theorainneacha praghsanna a shocrú ar laistigh díobh is féidir praghas an gháis athrú. Chuirfeadh uasteorainn/bandaí praghais den sórt sin teorainn le tairiscintí ar mhalartuithe Eorpacha. Is é an praghas gáis caidhpeáilte a bheadh ina phraghas tagartha nua conarthach do chonarthaí fadtéarmacha agus díorthach.

**Chun go mbeadh sí éifeachtach, bheadh gá leis an rogha seo a chur chun feidhme ar fud na mBallstát uile.**

### Buntáistí

Dá mbeadh uasteorainn le praghas ar ghás a thrádáil ar fud na hEorpa, laghdófaí luaineacht iomarcach agus laghdófaí praghsanna gáis go díreach dá bharr. Laghdódh sé sin, dá réir sin, na costais a bhaineann le leictreachas arna ghiniúint ag gléasraí cumhachta gásadhainte agus leis na praghsanna a bheadh le híoc ag tomhaltóirí as gás agus leictreachas araon.

### Míbhuntáistí

Bheadh gá leibhéal ceart na huasteorann a chinneadh. Dá mbeadh an uasteorainn ar phraghas an gháis ró-íseal, bheadh sé deacair níos mó gáis a mhealladh chun na hEorpa. D'fhéadfadh sé fiú spreagadh a thabhairt do chuideachtaí Eorpacha gás a easpórtáil chuig tíortha ina bhfuil praghsanna níos airde. Dá mbeadh praghas níos ísle ann, chuirfí níos mó tomhaltais gáis chun cinn agus, dá bhrí sin, thiocfadh méadú ar an éileamh san Eoraip. D'fhonn an riosca sin a mhaolú, níor mhór bainistiú láidir éilimh a bheith ag gabháil leis an rogha seo. I dteannta a chéile, d'fhéadfadh na tosca sin a bheith níos doichte ar an margadh gáis agus baol a chruthú do chinnteacht an tsoláthair gáis.

Má bhíonn an praghas caidhpeála céanna i bhfeidhm ar fud an Aontais, bheadh sé deacair a áirithiú go sreabhann an gás chuig na cinn scríbe ina bhfuil gá leis agus gur féidir leis an eangach an soláthar agus an t-éileamh a choimeád i gcothromaíocht go sábháilte.

Na tomhaltóirí a cheannaigh gás ar chonarthaí fadtéarmacha ar phraghas os cionn na huasteorann, ní bhainfeadh siad tairbhe as uasteorainn praghais go dtí go rachaidh a gconarthaí in éag.

Ag brath ar leibhéal na huasteorann agus ar an tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm í, d'fhéadfadh sé soláthairtí a mhealladh ónár gcomhpháirtithe trádála. Mar sin féin, níl a bhfreagairt ar phraghas atá socraithe ó thaobh riaracháin de cinnte agus ní féidir a bheith ag súil leis. D'fhéadfaidís agóid a dhéanamh i gcoinne na rogha sin sna cúirteanna agus/nó soláthairtí a shrianadh nó a chur ar fionraí.

## Costais

Baineann na costais le haon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith sa soláthar ag brath ar an gcaoi a bhfreagraíonn soláthróirí don uasteorainn.

## F. Méid agus praghas idirbheartaithe le soláthraithe idirnáisiúnta

Rogha a bheadh ann spriocanna níos sonraí maidir le méid gáis agus praghsanna a bhunú do bhealaí soláthair/soláthraithe éagsúla agus na spriocanna méideanna agus praghsanna sin a oibriú ar bhonn straitéis chaibidlíochta chomhpháirteach arna comhordú ar leibhéal an Aontais vis-à-vis comhpháirtithe trádála an Aontais. Bhainfeadh na spriocphraghsanna ábhartha le conarthaí soláthair le tríú tíortha ach ní bheadh tionchar acu ar idirbhearta a dhéantar laistigh den Aontas (e.g. le haghaidh comhardú sa mhargadh inmheánach).

D'fhonn allmhairí dea-phraghsáilte GNL agus gáis a áirithiú, ba cheart don Aontas dearcadh níos fadtéarmaí a ghlacadh ar na comhpháirtíochtaí gáis lena sholáthróirí agus raon feidhme na caibidlíochta a leathnú chun allmhairí fadtéarmacha hidrigine a áirithiú.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis na comhpháirtíochtaí sin:

- Conarthaí fadtéarmacha do **sholáthairtí méadaithe GNL agus píblíne**;
- Infheistíocht ón Aontas in **acmhainneacht bhreise allmhairithe GNL**, atá comhoiriúnach le hidrigin;
- **Comhpháirtíocht H2** le tréimhse 5-10 mbliana chun bonneagar agus creat fónta a bhunú le haghaidh infheistíochta agus comhpháirtíocht maidir leis an infheistíocht (creat coiteann lena n-áiritheofaí intuarthacht agus cobhsaíocht infheistíochtaí agus éilimh san Aontas chomh maith le dálaí cobhsaí infheistíochta i dtíortha comhpháirtíochta).

**Bheadh ionchais rathúla straitéise caibidlíochta den sórt sin ag brath ar chur chuige coiteann ar an leibhéal Eorpach.**

### Buntáistí

Dá n-éireodh leis, mar thoradh ar phraghas idirbheartaithe níos ísle ar fud na hEorpa bheadh praghsanna gáis i bhfad níos ísle in éineacht le toirteanna allmhairithe gáis comhaontaithe. Laghdódh sé sin, dá réir sin, na costais a bhaineann le leictreachas arna ghiniúint ag gléasraí cumhachta gásadhainte agus leis na praghsanna a bheadh le híoc ag tomhaltóirí as gás agus leictreachas araon.

Ós rud é go mbeadh an rogha bunaithe ar chaibidlíocht agus nach bhforchuirfí aon srianta ar thrádáil gáis laistigh den Aontas (e.g. maidir le cothromú), sheachnófaí suaitheadh i sreabha gáis laistigh den Aontas.

### Míbhuntáistí

Ar deireadh, braitheann rath na rogha sin ar thoradh na caibidlíochta ábhartha le soláthraithe tríú tíortha.

**Costais**

Dá n-éireodh leis an rogha seo, thiocfadh laghdú marthanach ar chostais foinsithe gáis nádúrtha.